Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0412(NLE)**

**15838/22**
**ADD 1**

**AELE 45**
**EEE 42**
**N 72**
**ISL 36**
**FL 32**
**MI 924**
**EF 371**
**ECOFIN 1301**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 706 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (Taisclanna Lárnacha Urrús - Lichtinstéin) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 706 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 706 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2022
COM(2022) 706 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Taisclanna Lárnacha Urrús - Lichtinstéin)**

# IARSCRÍBHINN

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) 236/2012[1], ionchorpraíodh iad i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 18/2019 an 8 Feabhra 2019[2] agus tagraítear dóibh i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE.

(2) Na coinníollacha le haghaidh soláthar seirbhísí i Limistéar Eorpach a dhéanann taisclann lárnach urrús atá bunaithe i dtríú tír, rialáiltear iad le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

(3) Le hoiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, deonaítear maolú do Lichtinstéin chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse suas le 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 18/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Feabhra 2019.

(4) Ba cheart oiriúnú (c) a leasú chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Mar sin féin, má dhéantar leasú ar Airteagail 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnú (c) dá réir.

(5) Ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

---

[1] IO L 257, 28.8.2014, lch. 1.
[2] IO L 60, 28.2.2019, lch. 31.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'Féadfaidh Lichtinstéin cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. .../... ó Chomhchoiste LEE an [an Cinneadh seo].'

*Airteagal 2*

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha athbhreithniú ar oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX agus iad ag ionchorprú i gComhaontú LEE aon ghnímh lena leasaítear Airteagal 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 nó aon ghnímh a chuirtear ina n-ionad.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

[…]

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]